Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Feabhra 2026
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0157 (NLE)**

**5744/26**
**ADD 1**

**UD 15**
**ENFOCUSTOM 11**
**FISC 34**
**ECOFIN 93**
**MI 71**
**COMER 14**
**TRANS 36**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 a mhéid a bhaineann leis an tairseach faoisimh ó dhleacht chustaim a dhíchur<br>– Glacadh<br>– Ráiteas ó Mhálta |

**D'iarr Málta go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Tá Málta tiomanta i gcónaí tacú leis an gcuspóir beartais aghaidh a thabhairt ar an mí-úsáid a bhaineann le coinsíneachtaí ar luach íseal, lena n-áirítear tearcluacháil agus deighilt shaorga, agus aithníonn sé an réasúnaíocht atá leis an tairseach faoisimh ó dhleacht chustaim EUR 150 a dhíchur.

Aithníonn Málta go bhfuil an téacs a comhaontaíodh ag teacht go ginearálta lena sheasamh seanbhunaithe maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú agus ioncam an Aontais agus ioncam náisiúnta a chosaint.

Mar sin féin, is mian le Málta a athdhearbhú gur cúis imní dó impleachtaí oibríochtúla, riaracháin agus TF na mbeart a comhaontaíodh, go háirithe le haghaidh riaracháin chustaim bheaga.